Cuntas Leithreasa 2023

# Vóta 24

# Dlí agus Ceart

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 24, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 ar thuarastail agus speansais Oifig an Aire Dlí agus Cirt, fhoireann na Seirbhíse Promhaidh agus seirbhísí áirithe eile, lena n-áirítear íocaíochtaí faoi scéimeanna airgeadteoranta a riarann an Oifig sin, agus ar dheontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2023, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain,

Dlitear barrachas €30.075 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2023, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

### *Sócmhainní doláimhsithe*

Tá saolréanna úsáideacha agus rátaí amúchta gaolmhara na n-aicmí móra sócmhainní doláimhsithe measta mar seo a leanas.

| *Aicme sócmhainní* | *Saol úsáideach* | *Ráta amúchta* |
|---|---|---|
| Ceadúnais bhogearraí | Téarma ceadúnais 2-10 mbliana | 50% -10% |
| Bogearraí forbartha | 10 years | 10% |

## Ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

### *Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais*

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht sin a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní fhéadfaidh aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí in am trátha iad.

Is próiseas leanúnach é córas na rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí i ndáil le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhísí idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí i bhfeidhm agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú tráthrialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta. Go háirithe,

- tá córas buiséadaithe cuí ann lena ngabhann buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta
- déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán
- feidhmíonn córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- tá treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil chomh maith le disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

***Iniúchóireacht Inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn agus go bhfuil pearsanra atá oilte go cuí ina bun, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa. Treoraíonn anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu a cuid oibre. Déanann an Coiste Iniúchóireachta na pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí a cheadú, agus cuirtear an anailís sin san áireamh iontu. Tá sé mar aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Déantar athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí, agus déanann an Coiste

Iniúchóireachta athbhreithniú uirthi freisin. Is deimhin liom go bhfuil na nósanna imeachta sin i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Soláthar***

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go bhfuil béim chuí ann ar an dea-chleachtas soláthair agus na conarthaí uile á ndámhachtain agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar na treoirlínte ábhartha uile.

Thug an Roinn mionsonraí faoi 47 gconradh neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil i dtaca le Ciorclán 40/2002 chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

*Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair*

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte ach amháin i gcás 24 chonradh (de bhreis ar €25,000) dar luach iomlán €7,138,714 (gan CBL a áireamh) sa bhliain 2023, mar atá leagtha amach thíos:

- Dámhadh deich gconradh dar luach comhcheangailte €1,976,693 le haghaidh soláthar seirbhísí (€1,916,311) agus le haghaidh soláthar earraí (€60,382) faoi phróisis iomaíocha roimhe sin, ach fadaíodh iad le linn socruithe athbhreithnithe a bheith á gcur i bhfeidhm. Tá conarthaí comhlíontacha i bhfeidhm le haghaidh na seirbhísí agus na n-earraí sin anois.

- Fadaíodh naoi gconradh dar luach €4,182,370 le haghaidh soláthar seirbhísí ar feitheamh próisis reatha tairisceana a chur i gcrích nó ar feitheamh na hullmhúcháin riachtanacha a dhéanamh chun leas a bhaint as socruithe a bhí i bhfeidhm cheana féin nó chun dul i dteagmháil leis an margadh a luaithe ab fhéidir.

- Fadaíodh trí chonradh dar luach €835,797 le haghaidh soláthar seirbhísí ionas go mbeifí in ann aistriú chuig córais nua. Scoirfear de na conarthaí sin nó cuirfear cinn eile ina n-áit tar éis na córais nua sin a bhunú.

- Ba chonradh dír-dhámhachtana é conradh amháin dar luach €80,386 le haghaidh soláthar seirbhísí, agus é ceaptha chun freastal ar an éileamh méadaithe ar sheirbhísí riachtanacha aistriúcháin a d’eascair as an méadú suntasach ar an líon iarratas ar Chosaint Idirnáisiúnta.

- Fadaíodh conradh amháin dar luach €63,468 le haghaidh soláthar seirbhísí ionas go mbeifí in ann aistriú chuig láithreán nua a chur i gcrích. Scoirfear den chonradh sin a luaithe a bheidh an t-aistriú sin curtha i gcrích sa bhliain 2024.

Cuireadh na conarthaí thuas ar áireamh sa tuairisceán bliantúil faoi chiorclán 40/2002 dá dtagraítear thuas.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar phríomhrioscaí agus ar na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, a oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú. Bainistítear na rioscaí ar leibhéal aonaid gnó,

agus ar leibhéal feidhme agus ar leibhéal na Roinne freisin. Tá Coiste Riosca i bhfeidhm chun formhaoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht riosca ar fud na Roinne.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí a bhíonn roimh an Roinn agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a shuntasaí atá siad. Déanann an Coiste Riosca agus an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ráithiúil. Déantar monatóireacht ar na rioscaí a shainaithnítear ar leibhéal gnó agus feidhme ar bhonn ráithiúil, agus cuirtear le clár rioscaí na Roinne iad. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainisteofar rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun na rioscaí a mhaolú agus sanntar ann freagracht as oibriú na rialuithe do bhaill foirne shonracha.

Tá Oifigeach Cosanta Sonraí ar a bhfuil freagracht as formhaoirseacht a dhéanamh ar straitéis cosanta sonraí na Roinne agus ar a cur chun feidhme, lena n-áirítear comhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) i bhfeidhm. Faigheann an duine sin cúnamh ó Oifig Tacaíochta agus Comhlíonta Cosanta Sonraí.

Déanann an t-aonad iniúchóireachta inmheánaí iniúchtaí dearbhú cáilíochta ar aon dul le ceanglais an Chóid Caiteachais Phoiblí. Tugtar leis na tuarascálacha sin dearbhú maidir leis na nósanna imeachta a bhíonn á gcur i bhfeidhm ag an Roinn.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl go tráthúil dóibh sin atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don leibhéal bainistíochta cuí, nuair is ábhartha. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Tá nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Bíonn an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais***

*Cibearshlándáil*

Leanann an Roinn le slándáil a neartú ó thaobh bonneagair agus córas de, agus feidhmíonn sí tacar cuimsitheach beart cosanta imlíní agus inmheánaí ar mhaithe lena cuid córas a chosaint faoin gclár Cibear-Athléimneachta. Maidir leis an gclár ilghnéitheach cuimsitheach oibre sin, a bunaíodh sa bhliain 2022 agus a seoladh ar fud na bliana 2023, táthar ag súil leis go gcríochnófar sa bhliain 2024 é. Cuimsíonn an clár oibreacha slándála straitéisí agus oibríochtúla, mar aon le clár atá ceaptha chun feasacht úsáideoirí a mhéadú sa spás seo.

*Straitéis TFC*

Déanann an Príomhoifigeach Faisnéise formhaoirseacht ar chur chun feidhme na Straitéise um Bainistiú Teicneolaíochta Faisnéise 2021-2024, rud lena dtacaítear agus lena gcabhraítear leis an Roinn na spriocanna agus na cuspóirí atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise agus sa Phlean Dlí agus Cirt a ghabhann leis a chomhlíonadh. Is é príomhaidhm na Straitéise um Bainistiú Teicneolaíochta Faisnéise feabhas a chur ar an dóigh a soláthraítear seirbhísí digiteacha atá nua-aimseartha agus slán don Roinn agus do na gníomhaireachtaí ar bhonn seirbhísí comhroinnte tríd an digitiú.

Bunaíodh cúig chlár straitéiseacha chun aidhmeanna na straitéise a chomhlíonadh:

- Clár um Ascnamh chuig Lotus Notes
- Clár PowerApps
- Clár Cibear-Athléimneachta
- Nuachóiriú ar Sheirbhísí Inimirce
- Nuachóiriú ar Chosaint Idirnáisiúnta

Faigheann na cláir sin tacaíocht ó na struchtúir agus na socruithe rialachais a bunaíodh nuair a tosaíodh ar an Straitéis a chur chun feidhme, agus tugann siad tuairisc don Choiste Formhaoirseachta Tionscadal, Clár agus Punann de chuid na Roinne.

Tabharfar an Straitéis TFC cothrom le dáta thar na míonna atá le teacht.

**Oonagh McPhillips**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Dlí agus Cirt

5 Meán Fómhair 2024

# Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 24 Dlí agus Ceart

### *Tuairim faoin gcuntas leithreasa*

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 24 – Dlí agus Ceart don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 24 – Dlí agus Ceart don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

#### *An bonn leis an tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Roinn Dlí agus Cirt agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

#### *Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair*

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais go raibh cásanna ábhartha neamhchomhlíontachta leis na rialacha soláthair i leith conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2023.

**Seamus Mac Cárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

9 Meán Fómhair 2024

### Aguisín leis an tuarascáil

## Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den *Exchequer and Audit Departments Act 1866*
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha ar calaois nó earráid is cúis leis. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna (Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bheidh sé ann. Féadfaidh míráiteas eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa, ina n-aonar nó ina n-iomláine.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus mé ag déanamh amhlaidh,

- Sainaithním agus measúnaím rioscaí an mhíráitis ábhartha a bhaineann leis an gcuntas leithreasa, cibé acu de bharr calaoise nó earráide iad; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta is leor agus is cuí chun bunús a sholáthar i gcomhair mo thuairime. Is mó an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr calaoise ná míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr earráide, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh a bheidh iomchuí sna cúinsí i gceist, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Measúnaím cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* de chuid fhorálacha cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le scóip agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon laigí suntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím de réir eisceachta más amhlaidh, i mo thuairimse,

- nár bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí an cuntas leithreasa a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinne mé, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

#### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

## Vóta 24 Dlí agus Ceart

## Cuntas Leithreasa 2023

| | | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | |
| A An colún ceartais choiriúil | | | | |
| *Bunaidh* | 329,404 | | | |
| *Forlíontach* | 21,167 | | | |
| | | 350,571 | 337,470 | 332,925 |
| B An colún ceartais shibhialta | | | | |
| *Soláthar meastacháin* | 217,313 | | | |
| *Forlíontach* | 1,933 | | | |
| | | 219,246 | 213,691 | 168,915 |
| **Ollchaiteachas** | | | | |
| *Bunaidh* | 546,717 | | | |
| *Forlíontach* | 23,100 | | | |
| | | **569,817** | **551,161** | **501,840** |
| *Lúide* | | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | | |
| *Bunaidh* | 93,995 | | | |
| *Forlíontach* | 23,099 | | | |
| | | **117,094** | **129,913** | **103,485** |
| **Glanchaiteachas** | | | | |
| *Bunaidh* | 452,722 | | | |
| *Forlíontach* | 1 | | | |
| | | **452,723** | **421,248** | **398,355** |

**Barrachas**

Dlitear é a ghéilleadh ar bharrachas an mhéid a soláthraíodh thar an nglanmhéid a cuireadh i bhfeidh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, iomlán nó cuid d’aon neamhchaite féadfar leithreasaí le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn lena gcaiteachas sna nithe seo a leanasbliain. Tugadh €1.400 milliún de leithdháiltí nár caitheadh ar aghaidh go dtí 2024; €1.004 milliún maidir le gnéithe caipitil Fhotheideal A.21 Eolaíocht Fhóiréinseach na hÉireann agus €396,000 i leith leithdháiltí caipitil de chaiteachas Riaracháin (v) Oifigtrealamh agus seirbhísí seachtracha TF

| | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas | 31,475,594 | 29,658,052 |
| Géilleadh iarchurtha | (1,400,000) | — |
| **Barrachas le géilleadh** | **30,075,594** | **29,658,052** |

**Oonagh McPhillips**

Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Dlí agus Cirt

5 Mean Fomhair 2024

## Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2023

| | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas an chláir | | 372,734 | 356,685 |
| Pá | | 102,702 | 89,708 |
| Neamhphá | | 75,725 | 55,447 |
| **Ollchaiteachas** | | **551,161** | **501,840** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **129,913** | **103,485** |
| **Glanchaiteachas** | | **421,248** | **398,355** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| ***Athruithe ar réadmhaoin, gléasra agus trealamh (nóta 2.1)*** | | | |
| Ceannacháin | (10,357) | | |
| Dímheas | 3,113 | | |
| Diúscairtí airgead tirim | 1 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 52 | | |
| ***Athruithe ar shócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)*** | | | |
| Ceannacháin | (2,078) | | |
| Amúchadh | 3,459 | | |
| | | (5,810) | (33,176) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhardail | (484) | | |
| Méadú ar réamhíocaíochtaí | (3,075) | | |
| Laghdú ar ioncam fabhraithe | 2,438 | | |
| Méadú ar speansais fhabhraithe | 5,850 | | |
| Méadú ar ioncam iarchurtha | 11,666 | | |
| | | 16,395 | |
| **Caiteachas díreach** | | **431,833** | **360,653** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 61,966 | 57,275 |
| Measchíosanna | | 5,122 | 5,122 |
| **Glanchostas an chláir** | | **498,921** | **423,050** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 24 a iompraíodh in áit eile, glan ar chostais na seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile.

| | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 400 | 400 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 54,894 | 52,285 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 10,997 | 8,600 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 292 | 241 |
| Vóta 20 | An Garda Síochána | 236 | 234 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais | 409 | 308 |
| An Príomh-Chiste – pinsin Airí | | 167 | 199 |
| Costas na seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile | | (5,429) | (4,992) |
| | | **61,966** | **57,275** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023

| | Nóta | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 2.1 | 121,564 | 114,373 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 2.2 | 8,066 | 9,447 |
| **Iomlán na sócmhainní seasta** | | **129,630** | **123,820** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 23,996 | 22,903 |
| Fardail | 2.4 | 2,110 | 1,626 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.5 | 14,001 | 10,926 |
| Ioncam fabhraithe | 2.6 | 587 | 3,025 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.7 | 1,004 | 523 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **41,698** | **39,003** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.8 | 13,181 | 7,331 |
| Ioncam iarchurtha | 2.9 | 11,880 | 214 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.10 | 12,297 | 23,850 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.11 | 12,703 | (424) |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **50,061** | **30,971** |
| **Glansócmhainní reatha** | | (8,363) | 8,032 |
| **Glansócmhainní** | | **121,267** | **131,852** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.12 | **121,267** | **131,852** |

## 2.1 Réadmhaoin, gléasra agus trealamh [a]

| | Foirgnimh | Feithiclí agus trealamh | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil** | | | | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2023 [b,c] | 6,901 | 2,513 | 30,777 | 2,744 | 101,256 | 144,191 |
| Breiseanna | 118 | 273 | 7,973 | — | 1,993 | 10,357 |
| Aistriú amach [d] | — | (78) | — | — | — | (78) |
| Diúscairtí | — | (51) | (3,498) | (523) | — | (4,072) |
| Ag an 31 Nollaig 2023 | 7,019 | 2,657 | 35,252 | 2,221 | 103,249 | 150,398 |
| **Dímheas carntha** | | | | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2023 [c] | 1,998 | 1,827 | 23,455 | 2,538 | — | 29,818 |
| Dímheas don bhliain | 140 | 249 | 2,682 | 42 | — | 3,113 |
| Dímheas ar aistriú amach [d] | — | (78) | — | — | — | (78) |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (51) | (3,452) | (516) | — | (4,019) |
| Ag an 31 Nollaig 2023 | 2,138 | 1,947 | 22,685 | 2,064 | — | 28,834 |
| **Glansócmhainní** | | | | | | |
| **Ag an 31 Nollaig 2023** | **4,881** | **710** | **12,567** | **157** | **103,249** | **121,564** |
| Ag an 31 Nollaig 2022 | 4,903 | 686 | 7,322 | 206 | 101,256 | 114,373 |

Nóta

a Léirítear sa ráiteas faoi shócmhainní caipitil sócmhainní don Roinn ar fad, lena n-áirítear roinnt gníomhaireachtaí i Vóta 24 a ullmhaíonn ráitis airgeadais ar leith freisin.

b Áirítear le costas nó luacháil i dtús na bliana agus ag deireadh na bliana sócmhainní áirithe a fuarthas ar chostas is lú ná €10,000 roimh an 1 Eanáir 2021

c An 1 Eanáir 2023, rinneadh an costas, an dímheas carntha agus an glanluach de réir na leabhar i leith sócmhainní a bhaineann le fáil agus forbairt bogearraí a athaicmiú ó Réadmhaoin, gléasra agus trealamh chuig Sócmhainní doláimhsithe (féach Nóta 2.2)

d Rinneadh mótarfheithiclí a raibh costas bunaidh €78,000 ag baint leo a aistriú ón Roinn chuig an nGarda Síochána.

## 2.2 Intangible assets

| | Ceadúnais bogearraí fhaighte agus bogearraí forbartha | Sócmhainní doláimhsithe atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Costas nó Iuacháil** | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2023 | 88,677 | 328 | 89,005 |
| Breiseanna | 1,494 | 584 | 2,078 |
| Aistrithe | 912 | (912) | — |
| Diúscairtí | (4,348) | — | (4,348) |
| **Ag an 31 Nollaig 2023** | **86,735** | **—** | **86,735** |
| | | | |
| **Amúchadh Carntha** | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2023 | 79,558 | — | 79,558 |
| Amúchadh don bhliain [b] | 3,459 | — | 3,459 |
| Amúchadh ar dhiúscairtí | (4,348) | — | (4,348) |
| **Ag an 31 Nollaig 2023** | 78,669 | — | 78,669 |
| | | | |
| **Glansócmhainní** | | | |
| **Ag an 31 Nollaig 2023** | **8,066** | **—** | **8,066** |
| Ag an 31 Nollaig 2022 | 9,119 | 328 | 9,447 |

Nóta [a] Cuireadh an costas, an dímheas carntha agus an glanluach de réir na leabhar i leith sócmhainní doláimhsithe a bhaineann le fáil agus forbairt bogearraí ar áireamh i Réadmhaoin, gléasra agus trealamh i mblianta roimhe sin.

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna agus airgead tirim ag an bPámháistir Ginearálta | 14,601 | 12,771 |
| Iarmhéideanna cuntais bainc tráchtála | 9,395 | 10,132 |
| | **23,996** | **22,903** |

Nóta Áirítear leis na hiarmhéideanna cuntais bainc tráchtála iarmhéideanna dar luach €747,000 a bhaineann le roinnt gníomhaireachtaí i Vóta 24 a ullmhaíonn ráitis airgeadais ar leith freisin.

## 2.4 Fardail

| ag an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ábhair inchaite fhóiréinseacha | 1,249 | 732 |
| Ábhair inchaite TF | 115 | 99 |
| Ceadanna cónaithe/doiciméid taistil | 673 | 677 |
| Ilghnéitheach | 19 | 62 |
| Trealamh/éadach | 54 | 56 |
| | **2,110** | **1,626** |

## 2.5 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Riarachán na Roinne (córais TFC a chothabháil agus tacaíocht a thabhairt dóibh den chuid is mó, ceadúnú san áireamh) | 9,612 | 6,237 |
| Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann (trealamh eolaíochta a chothabháil, etc.) | 2,829 | 2,074 |
| Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána | 674 | 454 |
| Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann (córais TFC a chothabháil den chuid is mó) | 336 | 370 |
| An Biúró um Shócmhainní Coiriúla | 265 | 259 |
| An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine (costais riaracháin éagsúla, lena n-áirítear córais TFC a chothabháil agus tacaíocht a thabhairt dóibh, ceadúnú san áireamh) | 146 | 120 |
| An tÚdarás Slándála Príobháidí (costais riaracháin éagsúla) | 67 | 13 |
| Idirghabhálacha um cheartas i leith an aosa óig (íocaíochtaí a rinneadh sa cheathrú ráithe den bhliain 2022 i leith síneadh teorainneacha sa bhliain 2023) | — | 1,305 |
| Fo-mhírchinn eile (costais éagsúla, TFC a chothabháil agus tacaíocht a thabhairt dó san áireamh) | 72 | 94 |
| | **14,001** | **10,926** |

## 2.6 Ioncam fabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| Táillí i ndáil le clárú inimirce | — | 1,675 |
| Táillí i ndáil le víosaí | — | 498 |
| Táillí i ndáil leis an Údarás Slándála Príobháidí | 200 | 283 |
| Tobhach an Údaráis Rialála Seirbhísí Dlí ar chomhlachtaí gairmiúla | — | 200 |
| Ioncam fabhraithe eile | 387 | 369 |
| | **587** | **3,025** |

## 2.7 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| Óinchistí | 53 | 53 |
| Caiteachas in-fhorchúitithe ar an scéim pas taistil | 246 | 204 |
| Glacadóireacht an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla | 235 | 195 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 470 | 71 |
| | **1,004** | **523** |

## 2.8 Speansais fhabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| Scéimeanna um chúnamh dlíthiúil coiriúil | 5,634 | 4,990 |
| Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 1,961 | 335 |
| Coimisiúin agus Fiosrúcháin Speisialta | 1,341 | 38 |
| An tSeirbhís Cróinéara | 1,173 | 239 |
| Cúiteamh i leith Díobhálacha Pearsanta – Coiriúil | 669 | 85 |
| Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 574 | 278 |
| Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 544 | 285 |
| Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann | 267 | 330 |
| Costais áitribh oifige | 218 | 88 |
| An Biúró um Shócmhainní Coiriúla | 149 | 106 |
| Fo-mhírchinn eile | 651 | 557 |
| | **13,181** | **7,331** |

## 2.9 Ioncam iarchurtha

| ag an 31 Nollaig | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| Táillí i ndáil le Clárú Inimirce | 4,925 | — |
| Táillí i ndáil le Deimhnithe Náisiúntachta agus Saoránachta | 5,976 | — |
| Táillí Viosa | 741 | — |
| Táillí i ndáil le Cinsireacht Scannán | 234 | 207 |
| Táillí i ndáil le Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann | 3 | — |
| Fáltais Ilghnéitheacha | 1 | 7 |
| | **11,880** | **214** |

## 2.10 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 2,768 | 2,466 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 1,806 | 1,535 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 2,971 | 2,160 |
| Cáin bhreisluacha | 502 | 578 |
| Iarmhéideanna i gcuntais roinne | 1,741 | 10,132 |
| | 9,788 | 16,871 |
| | | |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 678 | 687 |
| Réamhíocaíocht CSE i ndáil le maoiniú tionscadail um chuimsiú sóisialta 2014–2020 | 1,374 | 1,374 |
| Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste | 37 | 37 |
| Réamhíocaíochtaí le hOifig na nOibreacha Poiblí | 371 | 4,672 |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | 49 | 209 |
| | **12,297** | **23,850** |

## 2.11 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Barrachas le géilleadh | 30,075 | 29,658 |
| Géilleadh iarchurtha | 1,400 | — |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (18,772) | (30,082) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **12,703** | **(424)** |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 23,996 | 22,903 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 1,004 | 523 |
| | 25,000 | 23,426 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (9,788) | (16,871) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (2,509) | (6,979) |
| | (12,297) | (23,850) |
| | | |
| | **12,703** | **(424)** |

## 2.12 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 131,852 | 94,151 |
| | | | | |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 452,723 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (1,400) | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (30,075) | | |
| Glanvóta | | | 421,248 | 398,355 |
| | | | | |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 61,966 | 57,275 |
| Caiteachas nach airgead tirim é – measchíos | 1 | | 5,122 | 5,122 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (498,921) | (423,050) |
| Aistriú sócmhainní caipitil | 2.1 | | — | (1) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **121,267** | **131,852** |

## 2.13 Ceangaltais

| **a) Ceangaltais dhomhanda**<br>ag an 31 Nollaig | **2023**<br>**€000** | **2022**<br>**€000** |
|---|---|---|
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 10,431 | 14,290 |
| Tionscadail chaipitil | 383 | 6,453 |
| **Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí** | **10,814** | **20,743** |

**b) Mórthionscadail chaipitil**

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2022 | Caiteachas sa bhliain 2023 | Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin[a] | Caiteachas ionchais iomlán shaolré an tionscadail 2023 | Caiteachas ionchais iomlán shaolré an tionscadail 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann | **101,091** | **1,699** | — | **102,790** | **106,600** |

Nóta [a] Tá ceangaltais i mblianta ina dhiaidh sin ag brath ar an idirbheartaíocht atá ar siúl idir an conraitheoir agus Oifig na nOibreacha Poiblí, arb idirbheartaíocht í nach eol faoi láthair an toradh a bheidh uirthi.

## 2.14 Dliteanais aibithe

Ní raibh aon dliteanais aibithe ann nach raibh glanta ag deireadh na bliana 2023 ná sa bhliain roimhe sin.

## 2.15 Dliteanais theagmhasacha

Féach Nóta 6.1 maidir le coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta.

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

**Anailís ar chaiteachas riaracháin**

Cionroinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos ar fud na gclár uile chun costálacha iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | 97,666 | 97,720 | 84,908 |
| ii | Taisteal agus cothú | | 1,265 | 986 | 1,052 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | | | | |
| | *Bunaidh* | 12,154 | | | |
| | *Forlíontach* | 7,100 | | | |
| | | | 19,254 | 17,488 | 17,295 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,486 | | | |
| | *Forlíontach* | 4,300 | | | |
| | | | 6,786 | 8,097 | 3,951 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | | 33,045 | 35,272 | 20,389 |
| vi | Costais áitribh oifige | | | | |
| | *Bunaidh* | 4,655 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,500 | | | |
| | | | 6,155 | 5,897 | 4,288 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | | 68 | 116 | 126 |
| viii | Taighde | | 1,786 | 621 | 1,485 |
| ix | Seirbhísí comhroinnte airgeadais[a] | | 7,160 | 7,398 | 6,805 |
| x | Clár bunathraithe ceartais agus póilíneachta | | | | |
| | *Bunaidh* | 10,000 | | | |
| | *Forlíontach* | (3,000) | | | |
| | | | 7,000 | 4,832 | 4,856 |
| | | | **180,185** | **178,427** | **145,155** |

Nóta [a] Áirítear costais phá an ionaid seirbhísí comhroinnte airgeadais dar luach €4,982,193 (2022: €4,800,331) le costais na seirbhísí comhroinnte airgeadais. Muirearaítear an costas sin ar Chlár A – An Colún Ceartais Choiriúil, fo-mhírcheann A.1 Riarachán – pá.

**Difríochtaí suntasacha**

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas i gcomparáid leis an tsuim a soláthraíodh (+/- 25% agus €100,000).

**iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha**

*Soláthar meastacháin €12.154 milliún; toradh €17.488 milliún*

Tháinig an caiteachas barrachais €5.334 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €12.154 milliún chun cinn go príomha mar gheall ar an méadú ar chostais agus táillí riaracháin (€5.5 milliún) agus mar gheall ar chlár fairsing oibre iniúchóireachta a soláthraíodh faoi chonradh i gcomhair seirbhísí, lenar áiríodh roinnt iniúchtaí ar chomhlíonadh Cosanta Sonraí/an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí. Fritháiríodh an caiteachas sin go páirteach mar gheall ar thearc-chaitheamh i réimsí eile laistigh den fho-mhírcheann seo, amhail oiliúint agus forbairt foirne (€120,000).

**iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide**

*Soláthar meastacháin €2.486 milliún; toradh €8.097 milliún*

Tháinig an caiteachas barrachais €5.611 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €2.486 milliún chun cinn go príomha mar gheall ar an gcaiteachas méadaithe ar Chibear-Athléimneacht (€4.3 milliún). Áirítear le costais agus táillí riaracháin (€1.3 milliún) ionad seirbhíse conartha do Sheachadadh Seirbhíse Inimirce.

**vi Costais áitribh oifige**

*Soláthar meastacháin €4.655 milliún; toradh €5.897 milliún*

Tháinig an caiteachas barrachais €1.242 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €4.655 milliún chun cinn go príomha mar gheall ar chostais bhreise a bhaineann leis an tionscadal um an Oifig um Chosaint Idirnáisiúnta a nuachóiriú, mar aon leis an méadú ar chostais a bhaineann leis na hOifigí éagsúla Víosaí.

**viii Taighde**

*Soláthar meastacháin €1.786 milliún; toradh €621,000*

Tháinig an choigilt €1.165 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €1.786 milliún chun cinn go príomha mar gheall ar an moill ar roinnt tionscadal taighde a thosú sa bhliain 2022.

**viii Clár Bunathraithe Ceartais agus Póilíneachta**

*Soláthar meastacháin €10 milliún; toradh €4.832 milliún*

Tháinig an choigilt €5.168 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn go príomha mar gheall ar an gcaiteachas ar ghné na Roinne Dlí agus Cirt den tionscadal a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. Áiríodh leis sin an Clár um Sheachadadh Seirbhíse Inimirce a Nuachóiriú, ar lú an caiteachas ina leith ná mar a bhí beartaithe, toisc gur lean an Roinn uirthi ag díriú ar thosaíochtaí daonnúla.

## Clár A An Colún Ceartais Choiriúil

| | | | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán – pá | | 32,006 | 34,523 | 32,820 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | | | |
| | *Bunaidh* | 22,784 | | | |
| | *Forlíontach* | 3,267 | | | |
| | | | 26,051 | 26,160 | 19,641 |
| A.3 | Oifig Chigire na bPríosún | | 2,394 | 1,466 | 1,289 |
| A.4 | Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána | | | | |
| | *Bunaidh* | 16,670 | | | |
| | *Forlíontach* | (740) | | | |
| | | | 15,930 | 16,121 | 13,449 |
| A.5 | Cigireacht an Gharda Síochána | | 1,420 | 1,240 | 1,118 |
| A.6 | An Biúró um Shócmhainní Coiriúla | | | | |
| | *Bunaidh* | 11,223 | | | |
| | *Forlíontach* | (600) | | | |
| | | | 10,623 | 10,784 | 9,830 |
| A.7 | An tSeirbhís Phromhaidh – tuarastail, pá agus liúntais | | | | |
| | *Bunaidh* | 27,014 | | | |
| | *Forlíontach* | (500) | | | |
| | | | 26,514 | 26,432 | 24,330 |
| A.8 | An tSeirbhís Phromhaidh – speansais oibriúcháin | | 4,785 | 4,983 | 4,305 |
| A.9 | An tSeirbhís Phromhaidh – seirbhísí do chiontóirí | | 18,532 | 18,531 | 17,503 |
| A.10 | An Scéim Orduithe Seirbhíse Pobail | | | | |
| | *Bunaidh* | 3,257 | | | |
| | *Forlíontach* | (500) | | | |
| | | | 2,757 | 2,731 | 2,524 |
| A.11 | Idirghabhálacha um Cheartas i leith an Aosa Óig | | 23,814 | 24,068 | 22,817 |
| A.12 | Íospartaigh na coireachta, lena n-áirítear coireanna gnéasacha agus drochíde sa teaghlach | | | | |
| | *Bunaidh* | 5,809 | | | |
| | *Forlíontach* | 300 | | | |
| | | | 6,109 | 6,069 | 5,421 |
| A.13 | An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) | | 439 | 293 | 265 |
| A.14 | Cúiteamh i leith díobhálacha pearsanta a rinneadh go coiriúil | | 13,016 | 7,527 | 6,319 |

| | | | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.15 | Cúnamh dlíthiúil – coiriúil | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 73,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | 22,000 | | | |
| | | | | 95,000 | 89,205 | 76,653 |
| A.16 | Cúnamh dlíthiúil – saincheisteanna coimeádta | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 4,630 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,000 | | | |
| | | | | 5,630 | 6,281 | 4,716 |
| A.17 | An Bord Parúil | | | 2,200 | 2,168 | 1,470 |
| A.18 | Bearta chun an choireacht a chosc | | | 1,197 | 1,290 | 1,071 |
| A.19 | An tÚdarás Slándála Príobháidí | | | 4,220 | 4,280 | 4,012 |
| A.20 | Foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe - múscailt feasachta agus oiliúint | | | 6,098 | 6,183 | 4,109 |
| A.21 | Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 31,063 | | | |
| | | *Forlíontach* | (2,000) | | | |
| | | | | 29,063 | 28,059 | 56,920 |
| A.22 | Oifig an Phaiteolaí Stáit | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,553 | | | |
| | | *Forlíontach* | 100 | | | |
| | | | | 1,653 | 1,767 | 1,499 |
| A.23 | Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta | | | 8,353 | 4,673 | 10,096 |
| A.24 | Beart míbhuntáiste shóisialta (arna mhaoiniú ó chuntais dhíomhaoine) | | | 9,674 | 9,441 | 9,125 |
| A.25 | Ciste Nuálaíochta Sábháilteachta Pobail | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 3,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | (600) | | | |
| | | | | 2,400 | 2,864 | 1,623 |
| A.26 | Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe - Gníomhaireacht | | | 450 | 153 | — |
| A.27 | Aonad na hÉireann um Fhaisnéis faoi Phaisinéirí | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 793 | | | |
| | | *Forlíontach* | (560) | | | |
| | | | | 233 | 168 | — |
| A.28 | Comhlachtaí Achomhairc (Ceartas Coiriúil) | | | 10 | 10 | — |
| | | | | **350,571** | **337,470** | **332,925** |

**Difríochtaí suntasacha**

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir nár chaiteachas riaracháin é (+/-5% agus €100,000).

**A.3 Oifig Chigire na bPríosún**

*Soláthar meastacháin €2.394 milliún; toradh €1.466 milliún*

Tháinig an choigilt €928,000 i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bunaidh chun cinn mar gheall ar mhoilleanna ar roinnt folúntas a líonadh, rud a rinne difear d’obair phleanáilte eile, lenar áiríodh feachtas feasachta agus oiliúint foirne.

**A.5 Cigireacht an Gharda Síochána**

*Soláthar meastacháin €1.420 milliún; toradh €1.240 milliún*

Tháinig an choigilt €180,000 i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bunaidh chun cinn mar gheall ar chostais a bhaineann leis an moill ar an mBille um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail a achtú.

**A.10 An Scéim Orduithe Seirbhíse Pobail**

*Soláthar meastacháin €3.257 milliún; toradh €2.731 milliún*

Tháinig an choigilt €526,000 i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bunaidh chun cinn go príomha mar gheall ar mhoilleanna uainiúcháin a bhaineann le folúntais foirne a líonadh ag gráid éagsúla, rud as ar tháinig coigilt sa bhuiséad pá.

**A.13 An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil)**

*Soláthar meastacháin €439,000; toradh €293,000*

Tháinig an choigilt €146,000 i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bunaidh chun cinn mar gheall ar an ualach oibre sa bhliain 2023 a bheith níos lú ná mar a bhíothas ag coinne leis.

**A.14 Cúiteamh i leith díobhálacha pearsanta a rinneadh go coiriúil**

*Soláthar meastacháin €13.016 milliún; toradh €7.527 milliún*

Tháinig an choigilt €5.489 milliún i gcomparáid leis an meastachán bunaidh chun cinn go príomha mar gheall ar thrí dhámhachtain mhóra dar luach iomlán €8.1 milliún, nó mar sin, a rinne an Binse agus nár ghlac na hiarratasóirí leo roimh dheireadh na bliana 2023.

I ngach ceann de na cásanna sin, chuir an Binse in iúl gur cheart coimircithe cúirte a dhéanamh de na hiarratasóirí lena mbaineann sula n-eisíocfaí na cistí, i bhfianaise chineál na ndíobhálacha a d’fhulaing siad agus i bhfianaise éifeacht na ndíobhálacha sin ar a n-inniúlacht meabhrach. Níl aon smacht ag an mBinse ar uainiú an ghnímh sin. A luaithe a bheidh na dámhachtainí glactha agus a bheidh imeachtaí coimircithe cúirte tugtha i gcrích sna cásanna, eiseofar íocaíochtaí chuig na hiarratasóirí lena mbaineann.

Cuireadh córas nua um chumas cinnteoireachta cuidithe in ionad an chórais coimircithe cúirte.

**A.15 Cúnamh dlíthiúil – coiriúil**

*Soláthar meastacháin €73 mhilliún; toradh €89.205 milliún*

Bhí caiteachas barrachais €16.205 milliún ann i gcomparáid leis an leithdháileadh buiséid bunaidh €73 mhilliún, rud ar léiriú é ar an méadú ar éileamh. Faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Dlíthiúil), 1962, is iad na Cúirteanna atá freagrach as cúnamh dlíthiúil a dheonú. Bíonn sé deacair costas na Scéime um Chúnamh Dlíthiúil Coiriúil agus costas na scéimeanna eile ad hoc um chúnamh dlíthiúil a thuar toisc gur scéimeanna atá faoi thionchar an éilimh iad.

Tá an Roinn ag déanamh dlúthmhonatóireacht ar chaiteachas sa réimse seo, agus tá sí ag dréachtú Bille nua um Chúnamh Dlíthiúil Coiriúil chun an córas um chúnamh dlíthiúil a dheonú a thabhairt cothrom le dáta agus a neartú.

**A.16 Cúnamh dlíthiúil – saincheisteanna coimeádta**

*Soláthar meastacháin €4.630 milliún; toradh €6.281 milliún*

Bhí an róchaiteachas de €1.651 milliún i gcomparáid leis an soláthar measta mar gheall ar éileamh níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis. Tá sé dúshlánach costas na Scéime a thuar ós rud é gurb é an t-éileamh a shocraíonn an caiteachas

**A.21 Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann**

*Soláthar meastacháin €31.063 milliún; toradh €28.059 milliún*

Cuimsíonn an coigilteas de €3.004 milliún i gcomparáid leis an meastachán bunaidh, gannchaiteachas ar phá de €1.008 milliún, a d'eascair as moilleanna le folúntais foirne a líonadh. Ina theannta sin, bhí gannchaiteachas ar chaipiteal de €2.235 milliún, a bhfuil €1.4 milliún tugtha ar aghaidh go 2024 faoin soláthar caipitil a tugadh anonn. Déantar an gannchaiteachas a fhritháireamh go páirteach ag róchaiteachas ar chaiteachas neamhphá de €318,000.

**A.22 Oifig an Phaiteolaí Stáit**

*Soláthar meastacháin €1.553 milliún; toradh €1.767 milliún*

Tháinig an caiteachas barrachais €214,000 i gcomparáid leis an leithdháileadh buiséid bunaidh chun cinn go páirteach mar gheall ar an riachtanas a bhí le paiteolaí ionaid a fhostú le linn don leasphaiteolaí stáit tabhairt faoi fhorbairt ghairmiúil bhreise. Ina theannta sin, ba lasmuigh de mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath a cuireadh thart ar 70% d’ualach cásanna Oifig an Phaiteolaí Stáit i gcrích, rud a mhéadaigh costais taistil agus costais ghaolmhara don Oifig.

**A.23 Coimisiúin agus Fiosrúcháin Speisialta**

*Soláthar meastacháin €8.353 milliún; toradh €4.673 milliún*

Tháinig an choigilt €3.680 milliún i gcomparáid leis an meastachán bunaidh chun cinn go príomha mar gheall ar chostais dlí tríú páirtí, ar costais iad a mbíonn sé deacair an t-uainiú agus an tsuim a bhaineann leo a thuar.

**A.26 Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe - Gníomhaireacht**

*Soláthar meastacháin €450,000; toradh €153,000*

Tháinig an choigilt €297,000 i gcomparáid leis an meastachán bunaidh chun cinn go príomha mar gheall ar earcaíocht ball foirne chuig Cuan, an Ghníomhaireacht um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe, a bheith níos moille sa bhliain 2023 ná mar a bhí beartaithe. Bunaíodh Cuan le héifeacht ón 1 Eanáir 2024. Bhí moilleanna uainiúcháin ann freisin ar chórais agus trealamh TFC a chur ar aghaidh.

**A.27 Aonad na hÉireann um Fhaisnéis faoi Phaisinéirí**

*Soláthar meastacháin €793,000; toradh €168,000*

Tháinig an choigilt €625,000 i gcomparáid leis an meastachán bunaidh chun cinn mar gheall ar athruithe dlí agus beartais ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, a d’fhág gur mhoille an dul chun cinn a rinneadh ar roinnt gnéithe den chlár um nuachóiriú ná mar a bhíothas ag súil leis. Tugadh aghaidh ar na nithe sin ó shin i leith.

## Clár B An Colún Ceartais Shibhialta

| | | | | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán – pá | | | 70,716 | 68,179 | 56,888 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 44,779 | | | |
| | | *Forlíontach* | 6,633 | | | |
| | | | | 51,412 | 49,565 | 35,806 |
| B.3 | Údarás Lárnach | | | 135 | 50 | 90 |
| B.4 | An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí | | | 1,001 | 1,000 | 1,000 |
| B.5 | An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine | | | 3,403 | 3,401 | 3,282 |
| B.6 | Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 8,322 | | | |
| | | *Forlíontach* | (620) | | | |
| | | | | 7,702 | 7,451 | 6,586 |
| B.7 | An tÚdarás Rialála Cearrbhachais | | | 1,774 | 1,632 | 161 |
| B.8 | An Coimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha | | | 704 | 79 | — |
| B.9 | Comhairle na mBreithiúna | | | 1,775 | 1,047 | 833 |
| B.10 | An tSeirbhís Cróinéara | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 13,171 | | | |
| | | *Forlíontach* | (900) | | | |
| | | | | 12,271 | 12,683 | 7,712 |
| B.11 | An Bord um Chúnamh Dlíthiúil | | | | | |
| | *Bunaidh* | | 53,060 | | | |
| | *Forlíontach* | | 500 | | | |
| | | | | 53,560 | 54,065 | 45,212 |
| B.12 | Ionaid Chomhairle Dlí Saor in Aisce | | | 294 | 294 | 294 |
| B.13 | Cláir inimirce agus chosanta idirnáisiúnta | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 11,392 | | | |
| | | *Forlíontach* | (2,400) | | | |
| | | | | 8,992 | 9,799 | 7,419 |
| B.14 | An Binse um Achomhairc i dtaobh Cosaint Idirnáisiúnta | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 5,999 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,280) | | | |
| | | | | 4,719 | 3,805 | 3,255 |
| B.15 | Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann | | | 728 | 583 | 377 |
| B.16 | Comhlachtaí Achomhairc (Ceartas Sibhialta) | | | 60 | 58 | — |
| | | | | **219,246** | **213,691** | **168,915** |

**Difríochtaí suntasacha**

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir nár chaiteachas riaracháin é (+/-5% agus €100,000).

**B.6 Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann**

*Soláthar meastacháin €8.322 milliún; toradh €7.451 milliún*

Tháinig an choigilt €871,000 i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bunaidh chun cinn mar gheall ar na moilleanna ama ar thángthas orthu i ndáil le folúntais foirne a líonadh, mar gheall ar chostais a bhaineann le haistriú chuig oifig eile a iarchur, agus mar gheall ar chostais dlí a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag coinne leis.

**B.7 An tÚdarás Rialála Cearrbhachais**

*Soláthar meastacháin €1.774 milliún; toradh €1.632 milliún*

Is é atá sa choigilt de €142,000 i gcomparáid leis an soláthar meastachán bunaidh ná coigilt ar phá de €897,000, ag eascairt as moill ar earcú foirne. Déantar é seo a fhritháireamh go páirteach, ag róchaiteachas ar neamhphá a bhaineann le costais a bhaineann le tógáil an bhonneagair TFC a thacóidh le seachadadh shamhail oibriúcháin agus chlár ceadúnaithe an Údaráis amach anseo.

**B.8 An Coimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha**

*Soláthar meastacháin €704,000; toradh €79,000*

Tháinig an choigilt chun cinn toisc gur moillíodh an reachtaíocht le haghaidh an Coimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha a bhunú. Táthar ag súil leis go mbunófar an Coimisiún sa cheathrú ráithe den bhliain 2024.

**B.9 Comhairle na mBreithiúna**

*Soláthar meastacháin €1.775 milliún; toradh €1.047 milliún*

D'eascair an coigilteas de €728,000 i gcomparáid leis an meastachán bunaidh mar gheall ar mhoill ar earcú foirne go dtí R4 2023, le héifeachtaí iarmhartacha ar phá agus tús a chur le tionscadail. Ina theannta sin, níor cuireadh tús le hathbhreithniú substaintiúil agus le soláthar tacaíochta TF go dtí 2024.

**B.13 Cláir Inimirce agus Chosanta Idirnáisiúnta**

*Soláthar meastacháin €11.392 milliún; toradh €9.799 milliún*

Tá an coigilteas de €1.593 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh inchurtha go príomha i leith costais níos ísle ná mar a measadh a d'eascair as moill níos luaithe sa bhliain, de réir mar a d'ardaigh an Oifig um Chosaint Idirnáisiúntaarbhonncéimnithe agus costais níos ísle ná ceapadh.

**B.14 An Binse um Achomhairc i dtaobh Cosaint Idirnáisiúnta**

*Soláthar meastacháin €5.999 milliún; toradh €3.805 milliún*

Is féidir an choigilt €2.194 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh buiséid bunaidh a chur síos go príomha do chostais oibriúcháin a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag coinne leis. Cé gur tháinig mór ar an líon iarratas a rinneadh chuig an Oifig um Chosaint Idirnáisiúnta sa bhliain 2023, níor thosaigh an líon achomharc a rinneadh chuig an mBinse ag méadú ach amháin tráth níos déanaí sa bhliain.

**B.15 Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann**

*Soláthar meastacháin €728,000; toradh €583,000*

Tháinig an choigilt €145,000 i gcomparáid leis an meastachán bunaidh chun cinn mar gheall ar mhoill ar fholúntais foirne a líonadh.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Measta | | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Táillí i ndáil le cinsireacht scannán | | 800 | 806 | 941 |
| 2 | Fáltais ón Aontas Eorpach | | 1 | — | 1 |
| 3 | Táillí i ndáil le clárú inimirce | | | | |
| | *Bunaidh* | 51,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 18,630 | | | |
| | | | 69,630 | 77,225 | 60,686 |
| 4 | Táillí i ndáil le víosaí | | | | |
| | *Bunaidh* | 7,600 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,654 | | | |
| | | | 9,254 | 11,544 | 7,913 |
| 5 | Fáltais ó chuntais dhíomhaoine | | 9,674 | 9,202 | 9,061 |
| 6 | Táillí i ndáil leis an Údarás Slándála Príobháidí | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,564 | | | |
| | *Forlíontach* | 636 | | | |
| | | | 3,200 | 3,287 | 3,424 |
| 7 | Táillí i ndáil le deimhnithe náisiúntachta agus saoránachta | | | | |
| | *Bunaidh* | 13,500 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,300 | | | |
| | | | 14,800 | 18,445 | 13,215 |
| 8 | Tobhach an Údaráis Rialála Seirbhísí Dlí ar chomhlachtaí gairmiúla | | 1,500 | 1,200 | — |
| 9 | Táillí i ndáil leis an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine | | 2,250 | 2,290 | 2,210 |
| 10 | Táillí i ndáil le Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann | | | | |
| | *Bunaidh* | 1 | | | |
| | *Forlíontach* | 147 | | | |
| | | | 148 | 151 | 699 |
| 11 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí | | | | |
| | *Bunaidh* | 4,432 | | | |
| | *Forlíontach* | 732 | | | |
| | | | 5,164 | 5,250 | 4,747 |
| 12 | Fáltais ilghnéitheacha | | 673 | 513 | 588 |
| | | | **117,094** | **129,913** | **103,485** |

**Difríochtaí suntasacha**

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000).

**3 Táillí i ndáil le clárú inimirce**

*Meastachán €51 mhilliún; réadaithe €77.225 milliún*

Tháinig barrachas €26.225 milliún chun cinn i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bunaidh €51 milliún. Is le Táillí i ndáil le Clárú Inimirce a bhaineann an chuid is mó den bharrachas, ar ina leith a tháinig méadú 31% ar an líon cásanna a próiseáladh i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2022.

**4 Táillí i ndáil le víosaí**

*Meastachán €7.6 milliún; réadaithe €11.544 milliún*

D'eascair barrachas de €3.944 milliún i gcomparáid leis an soláthar measta de €7.6 milliún, a bhain an chuid is mó de le táillí víosa ach bhí barrachas ann freisin maidir leis an Scéim Oibre Neamhthipiciúla. Is féidir líon na n-iarratas ar víosa a fhaightear a thuar agus bíonn tionchar ag roinnt athróg orthu lena n-áirítear an timpeallacht eacnamaíoch dhomhanda agus athruithe ar shrianta sonracha taistil tíre. Tháinig méadú ar an éileamh ar víosaí fadtréimhseacha agus gearrfhanachta araon in 2023.

6 **Táillí i ndáil leis an Údarás Slándála Príobháidí**

*Meastachán €2.564 milliún; réadaithe €3.287 milliún*

Tháinig an barrachas €723,000 i gcomparáid leis an soláthar meastacháin €2.564 milliún chun cinn go príomha mar gheall ar an méadú ar tháillí ar fud fhormhór na n-earnálacha de bharr éileamh láidir ar sheirbhísí slándála ar fud an gheilleagair. Leanann an líon imeachtaí lasmuigh a dteastaíonn slándáil uathu de bheith ag méadú, agus bhí an líon oifigeach slándála ceadúnaithe ag deireadh na bliana 2023 ar an líon is airde a taifeadadh riamh.

**7 Táillí i ndáil le deimhnithe náisiúntachta agus saoránachta**

*Meastachán €13.5 milliún; réadaithe €18.445 milliún*

Bhain an barrachas €4.945 *milliún* i gcomparáid leis an soláthar meastacháin €13.5 milliún go príomha le méadú ar an líon eadóirseachtaí a rinneadh tar éis feabhsuithe a chur ar an bpróiseas próiseála iarratas.

**8 Tobhach an Údaráis Rialála Seirbhísí Dlí ar chomhlachtaí gairmiúla**

*Meastachán €1.5 milliún; réadaithe €1.2 milliún*

Tháinig easnamh €300,000 i bhfáltais i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bunaidh chun cinn mar gheall ar fhadhbanna leanúnacha leis an tsamhail ioncaim. Tugadh samhail athbhreithnithe tobhaigh isteach don Údarás Rialála Seirbhísí Dlí tríd an Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2023. Leis an tsamhail athbhreithnithe, cumasaítear don Údarás an tobhach a chur i bhfeidhm bunaithe ar an mbuiséad don bhliain atá le teacht, seachas bunaithe ar chaiteachas sa bhliain roimhe agus air sin amháin.

**10 Táillí i ndáil le Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann**

*Meastachán €1,000; réadaithe €151,000*

Tháinig barrachas €150,000 i bhfáltais i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bunaidh €1,000 chun cinn mar gheall ar ioncam breise a tuilleadh sa bhliain 2023 de bharr ioncam ó tháillí athnuachana agus údarúcháin Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta go príomha.

**11 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Meastachán €4.432 milliún; réadaithe €5.250 milliún*

Bhain an barrachas €818,000 i bhfáltais i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €4.432 milliún go príomha leis an méadú ar chostais tuarastail de bharr an líon foirne a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag coinne leis.

**12 Fáltais Ilghnéitheacha**

*Meastachán €673,000; réadaithe €513,000*

Tháinig easnamh €160,000 i bhfáltais i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bunaidh chun cinn. Tháinig sé sin chun cinn go príomha mar gheall ar an laghdú ar thuarastail de chuid oifigeach ar iasacht a fhorchúiteamh.

## 4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

| | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | 37 | 37 |
| Bailithe | 37 | 37 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (37) | (37) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **37** | **37** |

# Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon na bhfostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| Roinn | 1,860 | 1,594 |
| Gníomhaireachtaí | 1,682 | 1,555 |
| Iomlán | **3,542** | **3,149** |

## 5.2 Pá

**Luach saothair fhoireann na Roinne**

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 88,017 | 78,680 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 423 | 291 |
| Liúntais eile | 4,676 | 3,167 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 2,333 | 1,795 |
| ÁSPC an fhostóra | 8,460 | 7,281 |
| **Pá iomlán [a]** | **103,909** | **91,214** |

Nóta [a] Déantar figiúr an phá iomláin a dháileadh ar fud fho-mhírchinn A.1, A.23 agus B.1.

**Luach Saothair foirne Gníomhaireachta**

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 99,800 | 87,896 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 220 | 83 |
| Liúntais eile | 3,258 | 3,107 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 1,883 | 1,776 |
| ÁSPC an fhostóra | 6,944 | 6,302 |
| **Pá iomlán [b]** | **112,105** | **99,164** |

Nóta [b] Déantar figiúr an phá iomláin a dháileadh ar fud fho-mhírchinn A.3, A.4, A.5, A.6, A.7, A.10, A.17, A.19, A.21, A.22, A.27, A.28, B.4, B.5, B.6, B.7, B.8, B.9, B.10, B.11, B.13, B.14, B.15, agus B.16.

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2023 | 2022 |
| | | | € | € |
| **Foireann na Roinne** | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 68 | 18 | 37,446 | 41,852 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 680 | 64 | 39,833 | 41,057 |
| Liúntais uainoibre agus uainchláir | 299 | 123 | 23,896 | 16,831 |
| Liúntais seirbhísí coigríche | 8 | 6 | 80,863 | 45,125 |
| Ilghnéitheach | 271 | 9 | 26,664 | 51,596 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 306 | 165 | 47,566 | 49,655 |
| **Foireann Gníomhaireachta** | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 37 | 9 | 31,060 | 28,563 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 117 | 5 | 37,039 | 20,639 |
| Ilghnéitheach | 282 | 74 | 25,808 | 34,576 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 29 | 14 | 36,235 | 21,758 |

## 5.4 Foireann na Roinne de réir banda pá

Tá líon na bhfostaithe de chuid na Roinne a raibh a sochair iomlána fostaithe (lena n-áirítear bunphá, liúntais agus ragobair, gan ÁSPC an fhostóra agus costais phinsin an fhostóra a áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus a tháinig faoi gach banda €10,000 ó €60,000 ar aghaidh mar a leanas.

| **Banda pá** | | **Líon fostaithe** | |
|---|---|---|---|
| **Ó (€)** | **Go (€)** | **2023** | **2022** |
| 20,000 | 59,999 | 2,266 | 2,089 |
| 60,000 | 69,999 | 332 | 266 |
| 70,000 | 79,999 | 295 | 266 |
| 80,000 | 89,999 | 172 | 126 |
| 90,000 | 99,999 | 117 | 84 |
| 100,000 | 109,999 | 35 | 41 |
| 110,000 | 119,999 | 53 | 25 |
| 120,000 | 129,999 | 13 | 13 |
| 130,000 | 139,999 | 3 | 3 |
| 140,000 | 149,999 | 6 | 2 |
| 150,000 | 159,999 | 5 | 4 |
| 160,000 | 169,999 | 6 | 4 |
| 170,000 | 179,999 | 6 | 4 |
| 180,000 | 189,999 | 2 | 1 |
| 190,000 | 199,999 | 1 | 1 |
| 200,000 | 209,999 | 1 | 2 |
| 210,000 | 219,999 | 1 | 1 |
| 220,000 | 229,999 | 1 | — |
| 230,000 | 239,000 | 1 | — |
| 240,000 | 249,999 | — | — |
| 250,000 | 259,999 | 1 | 1 |
| 260,000 | 269,999 | — | 1 |

## 5.5 Socruithe eile maidir le luach saothair

Íocadh €208,172 san iomlán le 19 státseirbhíseach ar scor a bhí ag fáil pinsean státseirbhíse sa bhliain 2023. Chomh maith leis sin, íocadh €464,173 le 22 iarsheirbhíseach phoiblí agus €40,720 le ceathrar iarchomhaltaí de na breithiúna a bhí fostaithe i róil éagsúla sa bhliain 2023.

Íocadh €4,726,011 san iomlán trí phárolla le 198 nduine aonair i leith dualgais a comhlíonadh ar bhoird, coistí, coimisiúin agus painéil éagsúla, etc.

Áirítear leis an gcuntas caiteachas €854,993, nó mar sin, i dtaca le trí oifigeach déag a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2023 ar fad nó ar feadh cuid di agus ar íoc an Roinn a dtuarastail.

Ní áirítear leis an gcuntas caiteachas i dtaca le tuarastail trí oifigeach déag a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2023 ar fad nó ar feadh cuid di i ranna/oifigí eile Rialtais.

## 5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

| ag an 31 Nollaig | **Líon na bhfaighteoirí** | **2023**<br>**€** | **2022**<br>**€** |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí [a] | 227 | 623,987 | 549,052 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 90 | 333,212 | 304,231 |

Aistríodh sé phlean aisghabhála ró-íocaíochtaí dhéag dar luach €10,731 chuig naoi gcinn de ranna/oifigí rialtais sa bhliain 2023.

Nóta [a] Ní áirítear leis an bhfigiúr ró-íocaíochtaí suimeanna a ró-íocadh le sé fhostaí is fiche (2022: naonúr fostaithe) ar ina leith atá an tsuim atá dlite fós le ríomh.

## 5.7 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

Ní dhearnadh aon scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta le baill foirne le linn na bliana 2023.

## 5.8 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Bhí luach saothair agus sochair inchánach an Oifigigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais mar a leanas:

| | **2023**<br>**€000** | **2022**<br>**€000** |
|---|---|---|
| Olltuarastal | **227** | **212** |

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse ar áireamh san fhigiúr thuas. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina comhalta den scéim aoisliúntais réamh-1995 do státseirbhísigh bhunaithe agus ní théann a teidlíochtaí chun sochair scoir thar théarmaí na scéime sin.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

| | Bliain an cheapacháin | Caiteachas carnach go dtí deireadh na bliana 2023 | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|---|---|
| **Coimisiúin bhuana** | | | | |
| An Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla [a] | 1974 | | 361 | 421 |
| **Coimisiúin chuspóra shocraithe** | | | | |
| Binse Morris [b] | 2002 | 68,790 | 5 | 1 |
| Suíomh Taisí Íospartach [c] | 2007 | 8,871 | 537 | 185 |
| An Sásra Athbhreithnithe Neamhspleách agus cúig fhiosrúchán a bunaíodh sa bhliain 2017 faoi alt 42 d'Acht an Gharda Síochána, 2005 [d] | 2014 | 2,379 | 140 | 200 |
| An Binse um Nochtaí Cosanta [e] | 2017 | 25,377 | 2,828 | 7,997 |
| An Coimisiún Neamhspleách um Thuairisciú [f] | 2017 | 181 | 26 | 24 |
| Coimisiún Imscrúdúcháin an Oirdheiscirt [g] | 2018 | 3,514 | 773 | 999 |
| Staidéar ar Athbhreithnithe maidir le Finemharú agus Dúnbhású Baile [h] | 2019 | 686 | — | 182 |
| Athbhreithniú scóipe ar na himthosca a bhí taobh thiar de bhás Shane O'Farrell [i] | 2019 | 513 | 3 | 87 |
| | | **110,311** | **4,673** | **10,096** |

Nóta

[a] Leanfar le costais a thabhú i ndáil leis an mBinse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla toisc go bhfuil obair an Bhinse fós ar siúl, agus tá líon suntasach iarratas faoin scéim le breithniú.

[b] Bunaíodh Binse Morris sa bhliain 2002, agus d'fhoilsigh sé an tuarascáil deiridh uaidh sa bhliain 2008. Is ionann costas an Bhinse go dtí seo agus beagnach €68.8 milliún, agus caitheadh tuairim is €5,000 ar mhionchostais riaracháin ina leith sa bhliain 2023.

[c] Tá obair an Choimisiúin Neamhspleách um Shuíomh Taisí Íospartach fós ar siúl, agus tá taisí ceathrar íospartach fós le haimsiú (cuireadh an ceathrú híospartach leis sa bhliain 2022). Is féidir le costais shubstaintiúla teacht chun cinn i ndáil le tochailtí chun taisí a aimsiú i gcás gur féidir láithreáin a shainaithint. Tá gníomhaíocht agus costais ghaolmhara an Choimisiúin ag brath go mór ar an bhfaisnéis atá ar fáil dó maidir leis na híospartaigh a bhfuil sé ag iarraidh a dtaisí a aimsiú. Tabhaíodh caiteachas €537,000, nó mar sin, sa bhliain 2023, agus dhá thrian de sin ag baint le gníomhaíocht cuardaigh. Bhain an t-aon trian eile le speansais riaracháin (lena n-áirítear íocaíochtaí leis na himscrúdaitheoirí). Fágann sé sin gur caitheadh beagán faoi bhun €8.9 milliún san iomlán go dtí seo, agus táthar ag coinne le tuilleadh íocaíochtaí.

[d] Ag teacht sna sála ar obair an tSásra Athbhreithnithe Neamhspleách, bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt cúig fhiosrúchán faoi alt 42 d'Acht an Gharda Síochána, 2005, sa bhliain 2017 chun cúig imscrúdú ar leith de chuid an Gharda Síochána a fhiosrú. Tá cóiríocht agus tacaíocht riaracháin á gcomhroinnt idir na cúig fhiosrúchán ó bunaíodh iad. Cuireadh dhá cheann de na fiosrúcháin sin i gcrích i mí Aibreáin 2018, cuireadh ceann amháin díobh i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2020, cuireadh ceann amháin díobh i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2021, agus cuireadh an ceann deiridh i gcrích i mí Iúil 2023. Tabhaíodh caiteachas €140,000, nó mar sin, sa bhliain 2023.

[e] Bunaíodh an Binse um Nochtaí Cosanta i mí Feabhra 2017, agus bhí an Breitheamh Onórach Peter Charleton, breitheamh den Chúirt Uachtarach, ina chomhalta aonair de. Bunaíodh an Binse tar éis don Bhreitheamh Onórach Iarfhlaith O'Neill athbhreithniú a dhéanamh ar dhá nochtadh chosanta a rinneadh leis an Tánaiste ag an am inar líomhnaíodh go raibh feachtas ar bun ag an leibhéal is airde sa Gharda Síochána chun míchlú a tharraingt ar an Sáirsint Maurice McCabe, an sceithire a líomhain go raibh éagóiritheoireacht ar siúl sa Gharda Síochána. Leag an Breitheamh Charleton an tríú tuarascáil eatramhach uaidh faoi bhráid na Dála i mí Dheireadh Fómhair 2018.

I mí na Nollag 2018, chuaigh an Breitheamh Onórach Seán Ryan i mbun a cheapacháin chun an fiosrúchán a dhéanamh ar na téarmaí tagartha a bhí fágtha amhail dá bhforáiltear san ionstraim lenar bunaíodh an Binse. Thug an Breitheamh Onórach Ryan an ceathrú tuarascáil eatramhach maidir leis an nGarda Nicholas Keogh i gcrích i mí Iúil 2021. Ba i mí an Mhárta agus i mí Aibreáin 2023 a foilsíodh an cúigiú tuarascáil eatramhach agus an séú tuarascáil, arbh í an tuarascáil deiridh í, ón mBinse maidir leis an Sáirsint Paul Barry agus an Sáirsint William Hughes faoi seach, agus an bheirt díobh ar scor. Tabhaíodh caiteachas €2.83 milliún, nó mar sin, i ndáil leis an modúl seo sa bhliain 2023.

[f] Bunaíodh an Coimisiún Neamhspleách um Thuairisciú sa bhliain 2017 faoin gComhaontú um Thús Nua. Is comhlacht trasteorann é atá comhdhéanta de cheathrar comhaltaí. Gabhann an Coimisiún do chomhairliúcháin fhadréimseacha chun tuairisc a thabhairt gach bliain ar an dul chun cinn atá á dhéanamh i dTuaisceart Éireann ar chun cur chun feidhme a dhéanamh ar na tionscnaimh chomhaontaithe a bhfuil mar aidhm leo gach cineál paraimíleatachais a chomhrac. Leagadh an séú tuarascáil ón gCoimisiún Neamhspleách um Thuairisciú faoi bhráid Rialtas na hÉireann agus Rialtas na Ríochta Aontaithe i mí na Nollag 2023. Tabhaíodh caiteachas €26,000, nó mar sin, ar chostais riaracháin sa bhliain 2023. Tá an figiúr sin ag teacht leis na leibhéil chaiteachais a bhí ann i mblianta roimhe sin. Táthar ag coinne le tuilleadh íocaíochtaí.

[g] Bunaíodh Coimisiún Imscrúdúcháin an Oirdheiscirt (ar ar tugadh Coimisiún Hickson ar dtús agus ar ar tugadh Coimisiún White ina dhiaidh sin) i mí na Samhna 2018 mar fhreagairt do ghearáin agus líomhaintí a rinneadh in aghaidh Bill Kenneally maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus nithe gaolmhara. Bhí sé de dhualgas ar an gCoimisiún a fhiosrú cén t-eolas, dá mb'ann, a bhí ag roinnt eagraíochtaí, lena n-áirítear an Garda Síochána, Deoise Chaitliceach Rómhánach Phort Láirge, Bord Sláinte an Oirdheiscirt, Cumann Cispheile na hÉireann agus pearsana polaitíochta áirithe sa tréimhse ama iomchuí ar na cionta a rinne Bill Kenneally. Cé go rabhthas ag súil leis ar dtús go mbeadh an Coimisiún ar siúl ar feadh bliana ar neaschostas €1.3 milliún, ba mhó an obair ullmhúcháin tosaigh a bhí i gceist ná mar a measadh. Cuireadh tús le héisteachtaí sa bhliain 2019, ach cuireadh ar fionraí iad go dtí go rachfaí i gcomhairle leis na páirtithe. D'éirigh an Breitheamh Onórach Barry Hickson as a ról sa Choimisiún le héifeacht ón 30 Meitheamh 2021, agus tháinig an Breitheamh Onórach Michael White isteach ina áit. Chuir an Breitheamh Onórach White an t-eolas cuimsitheach is déanaí ar fáil don Aire i mí Mheán Fómhair 2022, inar leagadh amach an dul chun cinn a rinne an Coimisiún, atá faoi réir trialacha coiriúla atá ar feitheamh. Tabhaíodh caiteachas €773,000, nó mar sin, i ndáil leis an modúl seo sa bhliain 2023, agus é ag baint le costais foirne, riarachán agus costais dlí.

[h] I mí na Bealtaine 2019, bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt ag an am grúpa chun tabhairt faoi Staidéar ar Athbhreithnithe maidir le Finemharú agus Dúnbhású Baile. Rinne an grúpa taighde, agus chuaigh sé i gcomhairle le raon leathan geallsealbhóirí, lenar áiríodh gníomhaireachtaí Stáit, baill teaghlaigh le híospartaigh agus eagraíochtaí neamhrialtasacha. Leagadh an tuarascáil deiridh faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt i dtús na bliana 2023.

- I mí Eanáir 2019, cheap an tAire Dlí agus Cirt ag an am Gerard Haughton, Breitheamh ar scor den Chúirt Dúiche, chun tabhairt faoi chleachtadh scóipe ar roinnt nithe a bhain leis na himthosca a bhí taobh thiar de bhás Shane O'Farrell. Chuir an Breitheamh Haughton an tuarascáil uaidh faoi bhráid an Aire an 1 Meitheamh 2022. Foilsíodh an tuarascáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne an 3 Iúil 2023, agus leagadh faoi bhráid an dá Theach den Oireachtas í. Tabhaíodh thart ar €3,000 i leith pá a íoc agus i leith an tuarascáil deiridh a chló.

## 6.2 Íocaíochtaí ex-gratia

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia arbh fhiú €49,740 (2022: €42,245) iad i leith na Scéime neamhreachtúla um Chúnamh Dlíthiúil do bhearta de chineál an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla. Tá feidhm ag an scéim sin maidir le daoine ar freagróirí agus/nó cosantóirí iad in aon imeachtaí cúirte a thabharfaidh an Biúró um Shócmhainní Coiriúla, nó a thabharfar ina ainm, lena n-áirítear imeachtaí faoin Acht um Fháltais ó Choireacht, 1996, na *Revenue Acts* agus na hAchtanna Leasa Shóisialaigh agus iarratais a dhéanfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí faoi alt 39 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1994.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia arbh fhiú €1,439,567 (2022: €1,434,744) iad i leith na Scéime neamhreachtúla um Chomhairle Cúnaimh Dhlíthiúil i Stáisiúin na nGardaí. Foráiltear leis an scéim sin go n-íocfaidh an Stát as comhairliúcháin le haturnaetha i gcás go gcoimeádfar duine i stáisiún na nGardaí chun imscrúdú a dhéanamh ar chion agus go mbeidh teidlíocht dlí aige/aici dul i gcomhairle le haturnae ach nach acmhainn dó/di íoc as sin.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia arbh fhiú €9,441 (2022: €152,782) iad i leith ceithre chás eile a bhain le himeachtaí dlí eile.

## 6.3 Ciste na dTionscnamh Drugaí

Fuarthas suim €379,834 (2022: €489,571) ó Chiste na dTionscnamh Drugaí, agus is trí chuntas fionraí a thugtar cuntas uirthi. Soláthraítear an maoiniú faoin Straitéis Náisiúnta Drugaí 2009 – 2016, agus baineann sé le roinnt tionscadal atá faoi úinéireacht Tascfhórsaí Áitiúla Drugaí, ar tionscadail iad a fhaigheann tacaíocht ón tSeirbhís Phromhaidh.

## 6.4 Costais chúitimh agus dlí

**Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Roinn sa bhliain**

| | Éilimh a rinne | | Iomlán | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **fostaithe** | **daoine den phobal** | **2023** | **2022** |
| Líon na gcásanna | 1 | 369 | 370 | 483 |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais dlí na Roinne féin | — | 995 | 995 | 563 |
| Dámhachtainí | | | | |
| Cúiteamh | — | 63 | 63 | 453 |
| Costais dlí | 8 | 9,550 | 9,558 | 9,777 |
| Costais eile | — | 2 | 2 | 340 |
| **Iomlán 2023** | **8** | **10,610** | **10,618**[a] | **11,133** |
| Iomlán 2022 | 26 | 11,107 | 11,133 | |

Nótaí

[a] Is le réimsí Inimirce na Roinne a bhaineann €9.4 milliún (88.6%) den tsuim iomlán €10.618 milliún. Tabhaíodh na costais dlí eile ar fud roinnt réimsí, lenar áiríodh Rannán Reachtaíochta Coiriúla na Roinne, Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann, an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine, agus an tSeirbhís Cróinéara.

[b] Meastar go raibh 1,308 gcás fós amuigh ag an 31 Nollaig 2023. Is é 932 chás an figiúr comparáideach don bhliain 2022.

[c] Déantar costais a aisíoc leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát ar shonraisc thréimhsiúla a fháil, agus déantar aon chostais a bhaineann le cásanna a réitíodh gar do dheireadh na bliana roimhe a aisíoc ar shonraisc a fháil sa bhliain airgeadais nua. Níl fáil éasca ann ar mhionsonraí faoi aon chostais a bhí fós le híoc ag deireadh na bliana.

**Costais charnacha na gcásanna a cuireadh i gcrích sa bhliain 2023**

| | Éilimh a rinne | | |
|---|---|---|---|
| | **fostaithe** | **daoine den phobal** | **Iomlán** |
| Líon na gcásanna | 1 | 348 | 349 |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais dlí na Roinne féin | | 862 | 862 |
| Dámhachtainí | | | |
| Cúiteamh | — | 63 | 63 |
| Costais dlí | 8 | 9,547 | 9,555 |
| Costais eile | — | 2 | 2 |
| **Iomlán** | **8** | **10,474** | **10,482**[a] |

Nóta [a] De ghnáth, is ag am agus i mbliain na socraíochta a thabhaítear an costas iomlán. Tarlaíonn sé sin go háirithe i gcás cásanna inimirce, a bhíonn freagrach as an gcuid is mó den chaiteachas sa réimse seo.

## 6.5 Ús i leith íoc pras cuntas

Ba é €15,672 (2022: €9,076) suim an úis a thabhaigh an Roinn i leith íoc pras sa bhliain 2023.

## 6.6 Maoiniú ón Aontas Eorpach[a]

Áirítear leis na torthaí atá léirithe i bhFo-mhírcheann A.11 íocaíochtaí i leith gníomhaíochtaí a gcómhaoiníonn an tAontas Eorpach iad. Ba mar a leanas a bhí na meastacháin ar fháltais agus na torthaí iarbhír.

| **Cur síos ar an bhfo-mhírcheann** | | **2023** | **2022** |
|---|---|---|---|
| | **Meastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| CSE - An Clár um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim (CICF) 2014 – 2020 (CSE) | 1 | — | 1 |

Nóta [a] Is é Ciste Sóisialta na hEorpa an phríomhuirlis atá ag an Aontas Eorpach (AE) le haghaidh infheistiú i ndaoine. Cuireadh tús le clár nua CSE ar a dtugtar CSE+ 2021-2027.

## 6.7 Géilleadh iarchurtha

Tá an géilleadh iarchurtha comhdhéanta de choigilteas €1.4 milliún i gcaiteachas caipitil san fho-mhírcheann seo a leanas sa bhliain 2023 a tugadh anonn chuig an mbliain 2024.

| **Cur síos ar an bhfo-mhírcheann** | | **€000** |
|---|---|---|
| A.21 | Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann | 1,004 |
| Caiteachas riaracháin (v) | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 396 |
| | | **1,400** |